Uimh. I.R. 365 de 2002
Ordú na gCuideachtaí (Uimh. 2) 2005

Ordaimse, Michael Ahern, Aire Stáit ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí tugtha don faoi ailt 395 (mar atá leasaithe ag an Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 (Uimh. 28 de 2001)), agus 396 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (Uimh. 33 de 1963) (mar atá glactha ag an Ordú Fiontair agus Fostaíochta (Athrú Aimn Roinne agus Theideal an Aire) 1997 (Uimh. I.R 305 de 1997) agus an tOrdú Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (Tarmligean na bhFeidhmeanna Aireachta) (Uimh. 2) 2004 (Uimh. I.R 808 de 2004), leis seo mar a leanas:

1. Is féidir na Rialacháin seo a ghairm mar Ordú na gCuideachtaí (Táillí) (Uimh. 2) 2005.

2. Tiocfaidh an tOrdú seo i ngníomh ar 1 Meán Fómhair 2005.

3. San Ordú seo ciallaíonn an "tOchtú Sceideal" an tOchtú Sceideal (arna mhalartú ag Ordú na gCuideachtaí (Uimh. 2) 2001 (Uimh. I.R. 477 de 2001), agus arna leasú ag Ordú na gCuideachtaí (Táillí) (Uimh. 2) 2001 (Uimh. I.R. 569 de 2001), Ordú na gCuideachtaí (Táillí) 2002 (Uimh. I.R. 557 de 2002), Ordú na gCuideachtaí (Táillí) 2003 (Uimh. I.R 187 de 2003) agus Ordú na gCuideachtaí (Táillí) (Uimh. I.R 179 de 2005)) d'Acht na gCuideachtaí 1963 (Uimh. 33 de 1963).

4. Tá an tOchtú Sceideal athraithe trí mhalartú an Sceidil leagtha amach sa Sceideal don Ordú seo don Sceideal sin.

SCEIDEAL *Airteagal 4*

"AN tOCHTÚ SCEIDEAL

TÁILLÍ LE LE hÍOC LE CLÁRAITHEOIR NA gCUIDEACHTAÍ

CUID I

Tábla na dTáillí

Alt 369.

Cúrsa ina bhfuil an Táille iníoctha	Méid na Táille (comhdú páipéir, iniúchadh páipéir nó soláthar de cháipéisí páipéir)	Méid na Táille (comhdú leictreonach, iniúchadh leictreonach nó soláthar cáipéisí i bhfoirm leictreonach)
Do chlárú cuideachta	€100	€50

Do chlárú cuideachta ar bith atá ann cheana nó cuideachta ar bith eile arna thagairt di in alt 328 ach amháin cibé cuideachta díolmhaithe ó tháillí ag an Acht seo maidir le clárú faoin Acht seo	€100	€50
Le haghaidh déileáil le hiarrachtas déanta faoi alt 6 d'Acht na gCuideachtaí (Leasaithe) 1983 d'eisiúint de dheimhniú faoin alt sin	€300	Neamhbhainteach ("N/A")
Do chlárú cáipéisí arna thagairt dóibh in alt 352 arna sheachadadh ag cuideachta ionchorpraithe lasmuigh den Stát	€60	N/A
Do chlárú cáipéisí arna thagairt dóibh i Rialachán 4(1) agus (2), agus Rialachán 7(1) agus (2) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Nochtadh Brainse) 1993 (Uimh. I.R. 395 de 1993)	€60	N/A
Le haghaidh athchlárú cuideachta i gceann ar bith de na bealaí a sholáthraítear faoi Acht na gCuideachtaí 1963 go 2005)	€60	N/A
Do chlárú iarratais maidir le hathbhunú cuideachta faoi alt 12C(2) d'Acht na gCuideachtaí (Leasaithe) 1982	€300	N/A
Do chlárú tuairisceáin bhliantúil nuashonraithe roimh 1 Márta 2002 agus nach bhfuil faighte ag an gcláraitheoir laistigh de 77 lá i ndiaidh an dáta ina bhfuil sé nuashonraithe go dtí ("an tréimhse 77 lae")	€140 móide €3.00 sa lá do gach lá ina leanann teip maidir leis an tuairisceán a chomhdú i ndiaidh na tréimhse 77 lá, faoi réir uastáille €1,240 do gach tuairisceán	€120 móide €3.00 sa lá do gach lá ina leanann teip maidir leis an tuairisceán a chomhdú i ndiaidh na tréimhse 77 lá, faoi réir uastáille €1,220 do gach tuairisceán

Do chlárú tuairisceáin bhliantúil nuashonraithe go dtí dáta i ndiaidh 28 Feabhra 2002 faighte ag an gcláraitheoir laistigh de thréimhse sonraithe in Alt 127(2) (arna mhalartú ag alt 60 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001)	€40	€20
Do chlárú tuairisceáin bhliantúil nuashonraithe go dtí dáta i ndiaidh 28 Feabhra 2002 nach bhfuil faighte ag an gcláraitheoir laistigh de thréimhse sonraithe in Alt 127(2) (arna mhalartú ag alt 60 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001) ("tréimhse an chomhdaithe reachtúil)	€140 móide €3.00 sa lá do gach lá ina leanann teip maidir leis an tuairisceán a chomhdú i ndiaidh tréimhse an chomhdaithe reachtúil, faoi réir uastáille €1,240 do gach tuairisceán	€120 móide €3.00 sa lá do gach lá ina leanann teip maidir leis an tuairisceán a chomhdú i ndiaidh tréimhse an chomhdaithe reachtúil, faoi réir uastáille €1,220 do gach tuairisceán
Do chlárú maidir le hathrú in aimn cuideachta	€100	€50
Do chlárú cáipéise a bhaineann le hathrú ar bith i staid oifig chláraithe na cuideachta de bhun alt 113	€15	Náid
Do chlárú cáipéise a bhaineann le hathrú ar bith sna sonraí i gclárú stiúrthóir agus rúnaithe na cuideachta de bhun alt 195	€15	Náid
Do chlárú cáipéise a bhaineann le hathrú ar bith sa seoladh ina bhfuil clárú na gcomhaltaí coinnithe ag an gcuideachta de bhun alt 116(7)	€15	Náid
Do chlárú cáipéise a bhaineann le hathrú ar bith sa seoladh ina bhfuil clárú na sealbhóirí bintiúr coinnithe ag an gcuideachta de bhun alt 91 (3)	€15	Náid

Do chlárú cáipéise a bhaineann le hathrú ar bith sa seoladh ina bhfuil conarthaí seirbhísí nó meabhráin na stiúrthóirí coinnithe ag an gcuideachta de bhun alt 50 (4) d'Acht na gCuideachtaí 1990	€15	Náid
Do chlárú cáipéise a bhaineann le hathrú ar bith sa seoladh ina bhfuil daoine ina gcónaí sa Stát údaraithe chun seirbhís imeachtaí a ghlacadh ar son na cuideachta nó seoladh na ndaoine ina gcónaí sa Stát atá freagrach as géilliúlacht a chinntiú nó seoladh an bhrainse sa Stát, de bhun rialachán 4(3) nó 7(3) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Nochtadh Brainse) 1993	€15	Náid
Do chlárú cáipéise a bhaineann le hathrú ar bith i seoladh na ndaoine údaraithe chun seirbhís a ghlacadh ar son na cuideachta nó seoladh a phríomhionaid sa Stát, de bhun alt 353	€15	Náid
Do chlárú cáipéise ar bith, a chaithfidh nó atá údaraithe faoi Acht na gCuideachtaí 1963 go 2005 a bheith cláraithe nó a chaithfidh a sheachadadh, a sheoladh nó a chur ar aghaidh ag an gcláraitheoir, seachas tuairisceán bliantúil nó cáipéis ar bith eile sonraithe áit ar bith eile sa Sceideal nó a bhaineann le hathrú in ainm cuideachta	€15	N/A
Do chlárú gnáthrúin de bhun alt 143 agus cáipéis ar bith eile neadaithe maidir le gnáthrún ar bith luaite	€15	Náid
Do chlárú rúin speisialta de bhun alt 143 agus cáipéis ar bith eile neadaithe maidir le rún speisialta ar bith luaite, seachas rún a bhaineann le hathrú in ainm cuideachta	€15	Náid

Do chlárú cáipéise ar bith a bhaineann le cuideachta ina ndéantar cuideachta aonchomhalta di de bhun rialachán 5 (1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí Príobháideacha Teoranta Aonchomhalta) 1994 (Uimh. I.R. 275 de 1994)	€15	Náid
Do chlárú cáipéise ar bith a bhaineann le cuideachta aonchomhalta ina ndéantar cuideachta ilchomhalta di de bhun Rialachán 6(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí Príobháideacha Teoranta Aonchomhalta)1994	€15	Náid
Do chlárú fógra ar bith le hiniúchóir foirceannta arna cheapadh ag cuideachta de bhun alt 34(3)(a) d'Acht na gCuideachtaí (Leasaithe) 1999	Náid	N/A
Do chlárú cáipéise ar bith ina bhfuil foirmeacha caighdéanacha téacs ó chlasáil chuspóirí de mheabhrán bainteach nó ó mhíreanna bainteacha de bhun alt 80(1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001	€100	N/A
Do sholáthar chóip dheimhnithe leictreonaí de dheimhniú ionchorpraithe d'úsáid na hearnála poiblí	N/A	Náid
Do sholáthar chóip dheimhnithe maidir le cúrsa ar bith curtha isteach i gclárú ar bith coinnithe ag an gcláraitheoir do chlárú cuideachtaí (lena n-áirítear an clárú arna thagairt dó in alt 103)	€12	N/A
Do dhéanamh taifid maidir le fíric ar bith, a chaithfidh nó atá údaraithe, faoi Acht na gCuideachtaí a bheith taifeadta ag an gcláraitheoir, seachas é a bheith bainteach le hathrú in ainm cuideachta	€15	N/A

Do gach iniúchadh de chlárú ar bith coinnithe san oifig chláraithe cuideachtaí (lena n-áirítear an chlárú arna thagairt dó in alt 103)	€3.50	€3.50
Do sholáthar cóipe neamhdheimhnithe maidir le cúrsaí ar bith curtha isteach sa chlárú thuasluaite	€2.50	€2.50
D'iarratas de dheimhniú de bhun alt 44 d'Acht na gCuideachtaí (Leasaithe (Uimh. 2) 1999, go bhfuil nasc fíor agus leanúnach ag cuideachta le ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí eacnamaíochta atá ar siúl sa Stát	€40	N/A
D'iarratas de dheimhniú de bhun alt 45 d'Acht na gCuideachtaí (Leasaithe (Uimh. 2) 1999, nár cheart cuideachta a áireamh don chuspóir maidir le líon na gcuideachtaí ina bhfuil duine mar stiúrthóir a chinneadh	€40	N/A
Do chlárú Fógra nach bhfuil duine mar oifigeach níos mó mar gur theip ar an gcuideachta fógra a chomhdú de réir alt 195(6)	€40	Náid

Sa Chuid seo ciallaíonn "comhdú leictreonach" sonraí a chuirtear isteach chuig Oifig Cláraithe na gCuideachtaí trí -

(a) chóras comhdaithe foirmeacha leictreonaigh a úsáideann an cláraitheoir, nó

(b) córas comhdaithe dioscaí CRO leictreonaigh in éineacht le comhdú páipéir chomhfhreagraigh.

Cuid II

Teorannú ar fheidhmiú Chuid 1

Nuair a ordaíonn an cláraitheoir, de bhun alt 23(2) , go n-athróidh cuideachta a haimn, ní dhéanfar táille ar bith, ach don Chuid seo, a chaithfidh a íoc faoi Chuid 1 den Sceideal seo i dtaca le clárú an athraithe sin a ghearradh, nó a íoc."

Tugtha faoi mo láimh,
11 Iúil 2005

_____
Michael Ahern
Aire Stáit ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Níl an nóta seo mar chuid den Ionstraim agus ní airbheartaíonn sé a bheith mar mhíniú dlíthiúil.)

Leasaíonn an tOrdú seo Ordú na gCuideachtaí (Táillí) 2001 (Uimh. I.R. 477 de 2001), mar atá leasaithe.

Soláthraíonn an tOrdú seo do laghdú i, nó dífheidhmiú de tháillí comhdaithe nuair a dhéantar saincháipéisí áirithe a chomhdú go leictreonach le Cláraitheoir na gCuideachtaí agus le haghaidh méadaithe i dtáillí comhdaithe nuair a dhéantar na cáipéisí sin a sheachadadh i bhfoirm pháipéir chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí.

Prn: A5/1145

Praghas : €2.54